Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Deireadh Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**13132/22**

**STATIS 45**
**SOC 545**
**EMPL 374**
**EDUC 337**
**DELACT 176**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2022) 6854 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 30.9.2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí líon agus teideal na n-athróg ocht mbliana i réimse an lucht saothair a shonrú maidir le 'daoine óga i margadh an tsaothair', 'gnóthachtáil oideachais — sonraí, lena n-áirítear oideachas a stopadh nó a tréigeadh' agus 'saol na hoibre agus saol an teaghlaigh a thabhairt chun réitigh' |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2022) 6854 final.

---

Faoi iamh: C(2022) 6854 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 30.9.2022
C(2022) 6854 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 30.9.2022**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí líon agus teideal na n-athróg ocht mbliana i réimse an lucht saothair a shonrú maidir le 'daoine óga i margadh an tsaothair', 'gnóthachtáil oideachais — sonraí, lena n-áirítear oideachas a stopadh nó a tréigeadh' agus 'saol na hoibre agus saol an teaghlaigh a thabhairt chun réitigh'**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le hAirteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2019/1700[1] tugtar de chumhacht don Choimisiún Eorpach gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena sonraítear líon agus teideal na n-athróg a bhaineann le tacair sonraí staidrimh ar leith. De réir Airteagal 6(2), níor cheart go rachadh líon na n-athróg a leagtar síos sna gníomhartha tarmligthe sin thar 5 % de líon na n-athróg i ngach réimse a d'éiligh an Coimisiún (Eurostat) tráth theacht i bhfeidhm do Rialachán (AE) 2019/1700.

I suirbhé an Aontais ar an bhfórsa saothair (SFS), tá croí-SFS agus córas ina gcomhcheanglaítear, thar thréimhse ocht mbliana, sé thacar d'athróga ocht mbliana agus dhá ábhar *ad hoc*. Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/257[2] ón gCoimisiún, leagtar amach athróga an chroí-SFS agus an chéad tacar d'athróg ocht mbliana, maidir le 'staid na n-imirceach agus a sliocht díreach i margadh an tsaothair', atá le cur chun feidhme den chéad uair in 2021. Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1640[3] ón gCoimisiún sonraítear líon agus teidil na n-athróg le haghaidh 'scileanna oibre' ábhair *ad hoc* 2022 agus le haghaidh na n-athróg ocht mbliana le haghaidh 'pinsin agus rannpháirtíocht sa mhargadh saothair' atá le cur chun feidhme den chéad uair in 2023.

Cumhdaítear leis an rialachán tarmligthe seo líon agus teideal na n-athróg ocht mbliana le haghaidh na dtacar sonraí i bhfearann an lucht saothair maidir le 'daoine óga i margadh an tsaothair' agus 'gnóthachtáil oideachais — sonraí, lena n-áirítear oideachas a stopadh nó a tréigeadh' (atá le cur chun feidhme den chéad uair in 2024) agus 'saol na hoibre agus saol an teaghlaigh a thabhairt chun réitigh' (le cur chun feidhme den chéad uair in 2025).

Le rialacháin tarmligthe ar leithligh, a ghlacfar níos déanaí, cumhdófar an dá thacar d'athróg ocht mbliana atá fágtha, maidir le 'eagair oibre agus socruithe maidir le ham oibre' agus 'tionóiscí ag an obair agus fadhbanna sláinte a bhaineann leis an obair', agus na hábhair *ad hoc* a bheidh le cur san áireamh ó 2026 ar aghaidh.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Rinne an Coimisiún na comhairliúcháin iomchuí maidir leis an ngníomh tarmligthe seo.

Chuaigh sé i gcomhairle le saineolaithe náisiúnta maidir leis an dréachtghníomh tarmligthe le linn cruinnithe saineolaithe. Chuaigh sé i gcomhairle le Stiúrthóirí Eorpacha an Staidrimh Shóisialta i mí Eanáir 2022. Chuaigh sé i gcomhairle leis an ngrúpa saineolaithe Institiúidí Staidrimh Náisiúnta an Chórais Staidrimh Eorpaigh freisin.

---

1 Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2019 lena mbunaítear creat comhchoiteann le haghaidh staidreamh Eorpach a bhaineann le daoine agus le teaghlaigh bunaithe ar shonraí ar an leibhéal aonair arna mbailiú ó shamplaí(IO L 261I, 14.10.2019, lch. 1).

2 Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/257 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí líon agus teideal na n-athróg le haghaidh fhearann an lucht saothair a shonrú (IO L 54, 26.2.2020, lch. 9).

3 Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1640 ón gCoimisiún an 12 Lúnasa 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí líon agus teideal na n-athróg le haghaidh 'scileanna oibre' ábhair *ad hoc* 2022 agus na hathróga ocht mbliana maidir le 'pinsean agus rannpháirtíocht sa mhargadh saothair' i bhfearann an lucht saothair a shonrú (IO L 370, 6.11.2020, lch. 1).

Choinnigh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon ar an eolas mar ba chuí maidir leis na comhairliúcháin.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Is é is aidhm don rialachán tarmligthe seo líon agus teideal na n-athróg ocht mbliana i bhfearann an lucht saothair maidir le 'daoine óga i margadh an tsaothair', 'gnóthachtáil oideachais — sonraí, lena n-áirítear oideachas a cuireadh isteach nó a tréigeadh' agus 'saol na hoibre agus saol an teaghlaigh a thabhairt chun réitigh' a ghlacadh, dá bhforáiltear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2019/1700.

I gcomhréir le hAirteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2019/1700, maidir le líon na n-athróg atá le bailiú gach bliain in éineacht leis na hathróga ráithiúla, bliantúla agus débhliantúla a áirítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/2240, ní rachaidh sé níos mó ná 5 % thar líon na n-athróg a bailíodh le haghaidh fhearann an lucht saothair nuair a tháinig Rialachán (AE) 2019/1700 i bhfeidhm.

Níl aon impleacht ag an ngníomh tarmligthe maidir le buiséad an Aontais.

Baineann an gníomh tarmligthe le hábhar a bhaineann leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE). Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith aige maidir le LEE freisin.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 30.9.2022**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí líon agus teideal na n-athróg ocht mbliana i réimse an lucht saothair a shonrú maidir le 'daoine óga i margadh an tsaothair', 'gnóthachtáil oideachais — sonraí, lena n-áirítear oideachas a stopadh nó a tréigeadh' agus 'saol na hoibre agus saol an teaghlaigh a thabhairt chun réitigh'**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2019 lena mbunaítear creat comhchoiteann le haghaidh staidreamh Eorpach a bhaineann le daoine agus le teaghlaigh, bunaithe ar shonraí ar an leibhéal aonair arna mbailiú ó shamplaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 808/2004, (CE) Uimh. 452/2008 agus (CE) Uimh. 1338/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1177/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 577/98[4] ón gComhairle, agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun na riachtanais arna sainaithint sna topaicí mionsonraithe ábhartha i réimse an lucht saothair a chumhdach, ba cheart don Choimisiún líon agus teideal na n-athróg ocht mbliana atá le bailiú den chéad uair sna blianta 2024 agus 2025 a shonrú.

(2) Ba cheart don Choimisiún líon agus teideal na n-athróg ocht mbliana a shonrú maidir leis na topaicí mionsonraithe i réimse an lucht saothair 'daoine óga i margadh an tsaothair', 'gnóthachtáil oideachais — sonraí, lena n-áirítear oideachas a cuireadh isteach nó a tréigeadh' agus 'saol na hoibre agus saol an teaghlaigh a thabhairt chun réitigh',

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a bheidh líon agus teideal na n-athróg ocht mbliana maidir leis na topaicí mionsonraithe i réimse an lucht saothair 'daoine óga i margadh an tsaothair', 'gnóthachtáil oideachais — mionsonraí, lena n-áirítear oideachas a stopadh nó a tréigeadh' agus 'Saol na hoibre agus saol an teaghlaigh a thabhairt chun réitigh'.

---

4 IO L 261I, 14.10.2019, lch. 1.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 30.9.2022

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*